

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Fógra d'oibreoírí eacnamaíocha, allmhairí agus onnmhairí

(2022/C 145 I/01)

Tá roinnt pacáistí glactha ag an Aontas Eorpach ⁽¹⁾ i gcoinne Chónaidhm na Rúise, pacáistí lena mbaineann bearta sriantacha i bhfianaise chogadh ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, mar aon le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Bealarúise i bhfianaise na staide sa Bhealarúis. Ní mór na bearta sin uile a chur chun feidhme go héifeachtach, ag na húdaráis inniúla agus oibreoírí eacnamaíocha an Aontais araon.

Leis na bearta sin cuirtear toirmeasc ar na hearraí lena mbaineann a allmhairíú nó a onnmhairíú, go díreach nó go hindíreach, agus cuirtear cosc ar rannpháirtíocht, go feasach nó d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí chun teacht timpeall ar na toirmisc sin. Leagtar síos leo freisin go gcuirfidh Ballstáit smachtbhannaí i bhfeidhm maidir le sárúithe ar na rialacháin sin.

I bhfianaise an riosca go rachfaí timpeall ar na bearta, moltar d'oibreoírí eacnamaíocha bearta leordhóthanacha díchill chuí a dhéanamh chun nach rachfaí timpeall orthu

- trí onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha ónar féidir earraí den sórt sin a atreorú go héasca chun na Rúise agus an Bealarúise; ní mór aird ar leith a thabhairt ar onnmhairiúcháin earraí den sórt sin chuig tíortha de chuid an Aontais Eacnamaíoch Eoráiseach (EAEU, ina bhfuil, i dteannta Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, Poblachtaí na hAirméine agus na Casacstáine agus Poblacht na Círgise), mar bíonn earraí in aon bhallstát de EAEU i mbun saorchúrsaíochta ar fud EAEU
- trí allmhairiúcháin ó thríú tíortha ónar féidir na hearraí lena mbaineann a atreorú go héasca chuig an Aontas Eorpach, go háirithe nuair nach gcuireann tíortha den sórt sin srianta i bhfeidhm ar allmhairiúcháin ón Rúis agus ón mBealarúis; is amhlaidh atá an cás go háirithe maidir le hearraí a allmhairítear ó thíortha eile EAEU.

Ar na bearta díchill chuí a mholtar d'onnmhairí agus d'allmhairí a dhéanamh tá, mar shampla, forálacha a thabhairt isteach i gconarthaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin a fhéachann lena áirithiú nach gcumhdaíonn na srianta earraí ar bith a allmhairítear nó a onnmhairítear. D'fhéadfadh na nithe sin a bheith i bhfoirm, mar shampla, ráitis gur gné fhíorriachtanach den chonradh é foráil den sórt sin a urramú, nó i bhfoirm clásal conarthach lena ngeallann an t-allmhairíochair i dtírú tíortha gan na hearraí lena mbaineann a allmhairíú chun na Rúise nó na Bealarúise, agus gan na hearraí lena mbaineann a athdhíol le haon chomhpháirtí tríú páirtí gnó nach dtugann gealltanais gan na hearraí lena mbaineann a allmhairíú chun na Rúise nó na Bealarúise agus dá réir sin dliteanas a thabhairt chun cinn i gcás ina ndéanann an comhpháirtí gnó sin na nithe sin a ath-allmhairíú chun na dtíortha sin.

Ba cheart d'oibreoírí a chur san áireamh go bhféadfadh sé, chun nach rachfaí timpeall na rialachán seo, go ndéanadh údaráis chustaim an Aontais rialuithe níos déine agus go bhféadfadh siad fianaise dhoshéanta a iarraidh freisin nár onnmhairíodh ná nár allmhairíodh na hearraí lena mbaineann chun na Rúise nó na Bealarúise, ná ón Rúis nó ón mBealarúis, trí thríú tíortha.

(¹) <https://www.sanctionsmap.eu/#/main>